FOLENS

GAEILGE ABÚ! 1

GAEILGE ABÚ! NUACHTLITIR | MÁRTA 2019

## ÁBHAR CAINTE

### Sraith nua Podchraoltaí Gaeilge de chuid CLG seolta



Tá tús curtha ag Cumann Lúthchleas Gael le sraith nua podchraoltaí Gaeilge. Tá na céadta imreoirí agus iarimreoirí fud fad na tíre ann a imríonn, agus a d'imir, ár gcuid cluichí ag an leibhéal is airde, agus a bhfuil Gaeilge acu. Le linn na sraithe podchraoltaí seo, tabharfar deis do go leor de na himreoirí agus na hiarimreoirí sin na mórscéalta agus móreachtraí ar fad a bhaineann leis na cluichí a phlé agus a chíoradh, de réir mar a thagann siad aníos.

Is iad Cárthach Breathnach agus Cian Ó Griallais a bheidh ag cur na podchraoltaí i láthair. Tá neart scileanna acu beirt ina leithéid, agus iad i mbun an Spota Dubh le Raidió na Life – páirtnéirí CLG sa togra seo – le cúpla bliain anuas.

## IDIRGHNÍOMHÚ RANGA

### Puipéid sa rang



Ar bhain tú úsáid as puipéid sa rang riamh? Is féidir drámaí puipéad a chruthú le gnáthphuipéid nó le puipéid lámhdhéanta. Tá go leor smaointe le fáil ó Phúca Puppets maidir le conas puipéid a dhéanamh as ábhair athchúrsáilte. Tugann na puipéid deis do dhaltaí páirt a ghlacadh i scéalaíocht ar bhealaí gníomhacha spraoiúla, agus iad ar chéimeanna difriúla ó thaobh fhorbairt na teanga de. Is féidir leis na daltaí 'scripteanna' a scríobh sa rang le treoir agus cabhair ón múinteoir ranga. Bíonn na daltaí ag obair i mbeirteanna agus tugann sé seans dóibh tionscnaimh ó bhéal a dhéanamh ar bhealach neamhfhoirmeálta spraoiúil.

### Ag rapáil sa rang

Is modh iontach é le focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí thaitneamhach. Tá daltaí in ann a dteachtaireachtaí pearsanta cumarsáide féin a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol. Sampla maith de seo ná na daltaí i gColáiste Bhréanainn i gCiarraí a rinne aithris ar an rapadóir cáiliúil Stormzy agus a amhrán 'Shut Up' – 'Dún Suas'.

## ÁBHAR NA MÍOSA

### Seachtain na Gaeilge

Is féile idirnáisiúnta Ghaeilge í Seachtain na Gaeilge, atá ar an gceiliúradh is mó dár dteanga agus dár gcultúr dúchais a bhíonn ar siúl in Éirinn agus in go leor tíortha eile gach bliain.


Beidh go leor imeachtaí ar siúl ar fud na tíre i mbliana. Is seans iontach é imeachtaí a eagrú i do scoil féin chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá go leor moltaí le fáil ar shuíomh gréasáin Chonradh na Gaeilge.  Is féidir teacht ar gach imeacht @snag.

## FÍSEÁN NA MÍOSA

### Lurgan 2K18

Sraith siamsaíochta do dhaoine óga ina dtaispeántar físeáin nua ó TG Lurgan, chomh maith leis na daltaí ardchumasacha a nglacann páirt iontu. Feictear Jennifer Yorke ag labhairt faoin ról atá ag an spórt agus ag an gceol ina saol féin. Canann sí an t-amhrán nuachumtha 'Súile Gorma' chomh maith le hamhrán Sigala 'Lullaby'.

## CREID É NÓ NÁ CREID



### Beireann éan 68 bliain d'aois ubh

Is í albatras darb ainm Wisdom an t-éan is sine ar domhan, ach cé go bhfuil sí 68 mbliana d'aois, níl sí róshean chun uibheacha a bhreith. Filleann Wisdom ar an áit chéanna gach bliain le huibheacha a bhreith, áit darb ainm Midway atá leath bealaigh idir Meiriceá agus an Áise.

Rugadh an taiscéalaí Ernest Shackleton i gContae Chill Dara ar an 15 Feabhra 1874. Tá tú in ann scéal a bheatha a léamh san áis léamhthuisceana Taisce Tuisceana @cogg.ie.

## LEIDEANNA SCRÚDUITHE

### Measúnú Rangbhunaithe. Is leor nod don eolach.

**1. Cruthaigh ceangal idir tú féin agus an lucht féachana trí a bheith:**

- Paiseanta faoin ábhar
- Díograiseach leis an togra atá roghnaithe agat
- Macánta leis an lucht féachana agus a rá leo cén fáth a dtaitníonn an t-ábhar seo leat
- Ag breathnú sa tsúil ar an lucht féachana
- Gealgháireach chun comhbhá (rapport) a chruthú.



**2. Ná múch na soilse sa seomra mar tá sé an-tábhachtach go bhfeicfidh an lucht féachana thú.**

## SÁBHÁIL AN DÁTA

1. Tá 40 cluiche CLG le craoladh ar TG4.
2. An Spota Dubh, clár spóirt le Cárthach Bán Breathnach agus Cian Ó Griallais gach maidin Aoine.
3. Beidh Seachtain na Gaeilge ar siúl idir 1-17 Márta 2019. Bainigí sult as.
4. Lá Fhéile Pádraig 17 Márta 2019.
5. Dé Domhnaigh 17 MÁRTA 2019 – **Cluichí Ceannais Sinsear Peile & Iomána na gClubanna** AIB. Beo as Páirc an Chrócaigh.



## ÓCÁIDÍ ATÁ LE TEACHT

**Seimineár Gréasáin T2:** 'Foghlaim le litríocht: Foghlaim le feasacht', Déardaoin 28 Márta, 19.30-20.30

Cláraigh anois, más mithid, chun freastal ar an Seimineár Gréasáin (ó chompord do bhaile féin) trí ghliogáil (Ctrl+gliogáil ar dheis) ar an nasc cuí thíos:

**'Foghlaim le litríocht: Foghlaim le feasacht'**

**T2: Déardaoin 28 Márta, 7.30 - 8.30pm**

https://register.gotowebinar.com/register/8900639382460891147

**Gréasán na Múinteoirí Gaeilge:** Satharn 9 Márta, 11.30-15.00 i gCampas Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9 (an áit a mbíodh Coláiste Phádraig ach a bhfuil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath anois ann).

**Seimineár Náisiúnta Gaeilge SSM:** 'An rath a roinnt: Cleachtais ranga phraiticiúla', Satharn 11 Bealtaine, in ionad (le deimhniú) i mBaile Átha Cliath. Tuilleadh sonraí le teacht.